Meán Fómhair 2013/3-V1 © QQI

# Táillí as Seirbhísí QQI.

## QQI, gníomhaireacht chomhtháite don cháilíocht agus do cháilíochtaí in Éirinn

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# CLÁR

1 ACHOIMRE ........ 3

2 BUNEOLAS ........ 3

**2.1** Léirmhíniú Dlí ........ 4

3 PRIONSABAIL ........ 5

AGUISÍNÍ ........ 6

SEICHEAMH INA MBÍONN TÁILLÍ INÍOCTHA DE RÉIR ACHT 2012 ........ 6

# 1 ACHOIMRE

Bunaíodh QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) i Samhain 2012 leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012.

Leagtar amach in Acht 2012 raon seirbhísí ar féidir le QQI táillí a ghearradh ina leith. Leagfar amach na táillí i Sceideal Táillí, arna gcinneadh ag QQI le toiliú an Aire Oideachais agus Scileanna agus Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Leagtar amach sa doiciméad seo na prionsabail agus na beartais a bheidh mar bhonn le cinneadh an Sceidil Táillí as seirbhísí sonraithe de chuid QQI.

Trí phróiseas comhairliúcháin, a mbíonn gach páirtí leasmhar páirteach ann, a dhéantar beartas QQI a chur i dtoll a chéile. Glacann an Bord le beartas QQI agus cuireann an feidhmeannas i bhfeidhm é dá réir.

# 2 BUNEOLAS

Sonraítear in alt 80 d'Acht 2012 na seirbhísí ar féidir táillí a ghearradh ina leith. Chomh maith le táillí as seirbhísí sonraithe, foráiltear in Alt 62 d'Acht 2012 do mhuirear bliantúil d'úsáid an Mhairc Oideachais Idirnáisiúnta (IEM). Cuirfidh QQI na prionsabail chéanna i bhfeidhm maidir le táillí agus leis an muirear seo.

Tá tírdhreach ardoideachais agus oiliúna na hÉireann ag éirí níos casta agus tá an Rialtas agus an tsochaí i gcoitinne ag súil go mbeadh níos mó freagrachta ar ghníomhaireachtaí stáit ná mar a bhí go dtí seo as aisghabháil costais seirbhísí poiblí. Tá an tAire Oideachais agus Scileanna, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, freagrach as maoiniú poiblí QQI. Tá an bheirt Airí freagrach freisin as toiliú a thabhairt do leibhéal na dtáillí a ghearrann QQI.

Is iad na prionsabail atá leagtha amach sa bheartas seo an bonn agus taca do Sceideal na dTáillí arna gcinneadh ag QQI agus arna chomhaontú leis na hAirí.

Bhí éagsúlacht sna cleachtais maidir le táillí a ghearradh as seirbhísí san am a chuaigh thart sna heagraíochtaí a chuaigh romhainn. I gcodanna den earnáil oideachais agus oiliúna, níl aon traidisiún ann ó thaobh táillí a ghearradh. Mar sin féin, tabhaíonn QQI costais as seirbhísí a sholáthar agus mar sin meastar go bhfuil sé réasúnta táille chuí a ghearradh. Nuair is féidir, déanfar na táillí a ghearrfar a chur i gcomparáid le táillí arna ngearradh ag forais inchomparáide laistigh agus lasmuigh den stát.

Is eol do QQI go bhfuil an-éagsúlacht sa raon soláthraithe a bhfuil caidreamh aige leo. Soláthraithe stát-mhaoinithe is ea líon suntasach soláthraithe, go hiomlán nó i bpáirt. Tá stádas carthanachta ag roinnt eile agus is forais neamhbhrabúis iad, agus is gnóthais ar mhaithe le brabús soláthraithe eile.

Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird gur ar bhonn deonach a bhíonn caidreamh ag soláthraithe go leor le QQI, agus a dtagann siad chun bheith ina soláthraithe ábhartha. Féadfaidh siad (agus déanann cuid acu) socrú a dhéanamh le forais cháiliúcháin eile.

Baineann an beartas seo le gach soláthraí oideachais agus oiliúna atá, nó a fhéachann le bheith, ina soláthraithe ábhartha agus a bhaineann leas as seirbhísí a bhforáiltear dóibh in Acht 2012 maidir le táillí. Áireofar leis seo soláthraithe arb é an t-aon chaidreamh atá acu le QQI cead a iarraidh chun an IEM a úsáid. Beidh feidhm aige leis, chomh maith, maidir le foghlaimeoirí a dhéanann iarratas ar dhámhachtain QQI.

## 2.1 LÉIRMHÍNIÚ DLÍ

Déantar foráil in Acht 2012 do tháillí do raon seirbhísí mar atá sonraithe in Alt 80. Foráiltear in Acht 2012, leis, do na nithe seo a leanas:

- Táillí difriúla as iarratais dhifriúla, iarrataí, aighneachtaí agus athbhreithnithe sa soláthraí céanna
- Táillí difriúla as aicmí éagsúla iarratas, iarrataí, aighneachtaí agus athbhreithnithe
- Díolúintí ó tháillí a íoc i gcásanna sonraithe
- Tarscaoileadh, loghadh, nó aisíocaíochtaí táillí, go hiomlán nó go páirteach, i gcásanna sonraithe
- Íoc táillí a sheicheamhú (féach Aguisín 1)

Sonraítear in Acht 2012 nach sáróidh an muirear bliantúil don IEM €50,000 in aghaidh an tsoláthraí.

Molann QQI Sceideal Táillí don Aire Oideachais agus Scileanna agus don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Foilseoidh QQI Sceideal na dTáillí a luaithe is indéanta tar éis toiliú na nAirí a fháil. Féadfaidh QQISceideal na dTáillí a choigeartú ina dhiaidh sin ar aon dul le hathruithe ar an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí gan toiliú an Aire.

# 3 BUNEOLAS

Tá na táillí a chinneann QQI á rialú ag sraith prionsabal:

3.1 Táillí cuimsitheacha agus comhleanúnacha a bheidh iontu.

3.2 Táillí cothroma, trédhearcacha agus oiriúnacha don fheidhm a bheidh iontu.

3.3 Bainfidh táillí le dámhachtainí ag gach leibhéal den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

3.4 Gearrfar táillí as seirbhísí a mbaineann soláthraithe agus foghlaimeoirí leas astu.

3.5 Cuirfear chun cinn sna táillí trédhearcacht costais, lena n-áirítear i dtaca le sruthanna éagsúla maoinithe poiblí.

3.6 Léireoidh táillí méid agus castacht na hoibre a dhéanann QQI agus iad ag breithniú iarratas, iarrataí, aighneachtaí agus athbhreithnithe éagsúla.

3.7 Léireoidh táillí breisluach na seirbhíse don tairbhí.

3.8 Tacóidh táillí le cur chuige QQI i leith na rannpháirtíochta le soláthraithe nuair a bhíonn ionchas réasúnta ann go mbeidh toradh dearfach ar a n-iarratas.

3.9 Socrófar táillí ag leibhéal a bheidh inbhuanaithe do QQI agus don earnáil oideachais agus oiliúna araon.

3.10 Agus táillí á gcinneadh tabharfar aird ar thosaíochtaí beartais phoiblí.

3.11 Agus táillí á gcinneadh, féachfar do nádúr, cineál agus misean an tsoláthraí agus do na cláir a thairgtear.

3.12 Ní mór do sholáthraithe a bheith i riocht maith airgeadais le QQI.  Beidh soláthraithe nach n-íocann táillí nó muirir faoi réir smachtbhannaí.

3.13 Féadfar foráil a dhéanamh maidir le díolúintí agus tarscaoiltí i gcásanna sonraithe.

3.14 Gearrfar táillí as iarratais ar bhailíochtú a chur isteach arís.

3.15 Déanfar táillí a chomhdhlúthú i dtáille ilchodach amháin i gcás ina bhfuil caidrimh iolracha ag QQI le soláthraí, agus ina bhfuil sineirgíocht agus éifeachtúlachtaí soiléire.

3.16 Socrófar táillí do roinnt seirbhísí ar leibhéal a léireoidh aisghabháil iomlán costais, lena n-áirítear gníomhaíocht thrasnáisiúnta.

3.1 D'fhéadfadh go mbeadh raon táillí as seirbhísí aonair i bhfeidhm.

3.18 Cuirfear táille ilbhliantúil amháin i bhfeidhm nuair is féidir.

3.19 Féadfar táillí a laghdú i gcás ina roghnaítear modhanna áirithe íocaíochta.

3.20 Déanfar táillí a choigeartú go rialta le haghaidh boilscithe.

3.21 Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar tháillí, agus de réir mar is gá, ar mhaithe le hinbhuanaitheacht a chinntiú.

# AGUISÍN 1

## SEICHEAMH INA MBÍONN TÁILLÍ INÍOCTHA DE RÉIR ACHT 2012

| | Seirbhís | Táillí iníoctha leis an iarratas | Táillí iníoctha laistigh de mhí ó chríoch an athbhreithnithe. |
|---|---|---|---|
| 1 | Gnásanna um Dhearbhú Cáilíochta a chomhaontú | Tá | |
| 2 | Gnásanna um Dhearbhú Cáilíochta a Athbhreithniú | | Tá |
| 3 | Iarratas ó sholáthraí ainmnithe chun soláthraí nasctha a athbhreithniú | Tá | |
| 4 | Athbhreithniú ar Ghnásanna um Dhearbhú Cáilíochta Ollscoil Náisiúnta na hÉireann | | Tá |
| 5 | Clárbhailíochtú | Tá | |
| 6 | Bailíochtú cláir a athbhreithniú | | Tá |
| 7 | Dámhachtainí a dhéanamh | Tá | |
| 8 | Comhdhámhachtainí a Dhéanamh | Tá | |
| 9 | Iarratas ar údarás tarmligthe chun dámhachtainí a dhéanamh | Tá | |
| 10 | Iarratas ar údarás tarmligthe chun dámhachtainí a dhéanamh | | Tá |
| 11 | Ceadú gnásanna maidir le rochtain, aistriú agus dul chun cinn | Tá | |
| 12 | Athbhreithniú gnásanna maidir le rochtain, aistriú agus dul chun cinn | | Tá |
| 13 | Iarratas chun an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a úsáid | Tá | |
| 14 | Úsáid an Mhairc Oideachais Idirnáisiúnta a athbhreithniú | | Tá |
| 15 | Achomhairc | Tá | |

Bíonn an muirear bliantúil as úsáid an Mhairc Idirnáisiúnta Oideachais iníoctha ar nó roimh dháta cothrom bliana an údaraithe.